Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6145/20**

**ECOFIN 90**
**UEM 28**
**SOC 58**
**EMPL 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5821/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2020<br>– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN an 18 Feabhra 2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2020, a ghlac an Chomhairle ag an 3749ú cruinniú dá cuid ar an 18 Feabhra 2020.

**TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH 2020**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Fógraíonn an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an naoú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ón gCoimisiún lena gcuirtear tús le babhta bliantúil eile de chur chun feidhme an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2020 (comhordú ar an mbeartas eacnamaíoch).

2. AONTAÍONN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar choigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus sa limistéar euro. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur leanadh de na míchothromaíochtaí atá ann cheana a cheartú de réir a chéile fad atá dálaí fabhracha eacnamaíocha ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur lean an laghdú ar stoic mhóra fiachais phríobháidigh agus rialtais i bhformhór na mBallstát de thoradh ar fhás ainmniúil OTI, ach nár tháinig laghdú leordhóthanach ar an mórgóir ar chóimheasa fiachais rialtais sna Ballstáit inarb airde iad. Tháinig meath ar ghlanchoigiltis san earnáil phríobháideach, go háirithe san earnáil teaghlaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, dá bhrí sin, gur ann fós do leochaileachtaí a bhaineann le míchothromaíochtaí móra stoic, agus go bhféadfaí a thuiscint ón bhfás eacnamaíoch níos measartha is dócha a bheidh ann, ón timpeallacht rátaí ísle úis agus ó éiginnteachtaí eile atá fós ann go mbeidh an coigeartú ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana féin níos moille nó go dtiocfaidh ann do rioscaí nua. Thairis sin, tá éagsúlachtaí móra ann ar fud an Aontais maidir leis an bhféidearthacht suaití a mhaolú trí choigiltis phoiblí agus phríobháideacha agus tá an fhéidearthacht sin teoranta ag cóimheasa arda fiachais i líon suntasach Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ceartaíodh easnaimh mhóra sna cuntais reatha don chuid is mó, cé nár tháinig ach laghdú measartha ar na barrachais is mó iontu. Tá barrachas comhiomlán an limistéir euro fós ar leibhéal ard.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil feabhas ag teacht ar athléimneacht na hearnála baincéireachta, cé go bhfuil rátaí caipitlithe agus brabúsachta na mbanc i roinnt Ballstát fós measartha íseal, agus gur ann fós do stoc mór iasachtaí neamhthuillmheacha. Lean na margaí saothair de bheith ag feabhsú, agus an dífhostaíocht ag titim. Ag an am céanna, tá an teannadh sa mhargadh saothair mar bhonn d'fhás níos tapúla pá, as a dtagann géarú ar chostais aonad saothair i roinnt Ballstát, toisc go bhfuil an fás ar tháirgiúlacht fós níos measartha ná fás ar phá. Cé gurbh airde costais aonad saothair i dtíortha ar glanchreidiúnaithe iad seachas i dtíortha ar glanfhéichiúnaithe iad, tá cúngú ag teacht ar an difear seo agus dá bharr sin is lú a thacaíonn forbairtí ar iomaíochas costais le hathchothromú níos siméadraí. Lean an méadú tapa ar phraghsanna tithe in a lán Ballstát agus is ábhar imní atá ag dul i méad é inacmhainneacht tithíochta, cé go dtáinig moilliú ar phraghsanna i roinnt Ballstát eile inar láidre an fhianaise i ndáil le róluacháil agus fiachas ard teaghlaigh.

4. AONTAÍONN SÍ nach foláir, chun cobhsaíocht a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar fhoinsí féideartha míchothromaíochtaí intíre agus seachtracha trí athchóirithe struchtúracha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ábhar imní ar leith é an fás íslithe ar tháirgiúlacht sa chomhthéacs eacnamaíoch dúshlánach atá ann faoi láthair agus IARRANN SÍ athchóirithe struchtúracha agus infheistíocht chun táirgiúlacht agus acmhainneacht fáis a mhéadú, agus beartais chun ceartú na míchothromaíochtaí atá ann cheana féin a thapú. AONTAÍONN SÍ le measúnú an Choimisiúin maidir leis na Ballstáit ar beag a spás chun an suaitheadh damáisteach a bhaineann le leochaileachtaí fiachais a iompar, gur cheart dóibh géarú ar a n-iarrachtaí an acmhainneacht fáis a ardú agus baol na díghiarála comhchiogalaí a chosc. Na Ballstáit a bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha acu, ba cheart dóibh na dálaí a neartú a thuilleadh chun fás pá a chur chun cinn, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú, agus tús áite a thabhairt do chur chun feidhme beart lena gcothófar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, tacú leis an éileamh agus an acmhainneacht fáis intíre, agus an t-athchothromú á éascú freisin leis sin. AITHNÍONN SÍ gur féidir le hathchothromú siméadrach ar chuntais reatha a bheith tairbhiúil do na Ballstáit uile, ós rud é go dtacaíonn sé leis an díghiaráil sa limistéar euro ina iomláine.

5. AITHNÍONN SÍ an scagadh arna bhunú ar léamh eacnamaíoch ar an scórchlár a chuir an Coimisiún i láthair sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, inar aithníodh na 13 Bhallstát inar aimsíodh míchothromaíochtaí anuraidh dár cheart grinn-athbhreithniú a dhéanamh ina leith lena mheas an bhfuil na míchothromaíochtaí leachtach, dianseasmhach nó géaraitheach, agus cur chun feidhme beart ábhartha chun na míchothromaíochtaí a shárú á chur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a mholtar i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb ann do leochaileachtaí i roinnt de na Ballstáit agus gur gá faireachán a dhéanamh orthu ach nach gá aon ghrinn-athbhreithniú a dhéanamh ina leith ag an gcéim seo. Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhoinsí féideartha nua i ndáil le rioscaí maicreaeacnamaíocha, foinsí a bhfuil téagar ag teacht fúthu.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór na grinn-athbhreithnithe a dhíriú ar phríomhdhúshláin agus ar phríomhrioscaí na mBallstát, agus tuairisc a thabhairt ar a thromchúisí atá na dúshláin a shainaithnítear, ar éabhlóid na rioscaí, ar an bhfreagairt beartais a tugadh, agus ar aon bhearnaí sa bheartas chun gur féidir tosaíochtaí soiléire a thabhairt chun suntais agus gníomhaíocht ghasta a áirithiú. MEABHRAÍTEAR DI nach mór a thabhairt san áireamh, agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha á measúnú, na héifeachtaí diúltacha eacnamaíocha agus na héifeachtaí iarmhartacha airgeadais a d'fhéadfadh a bheith acu ar an limistéar euro agus ar an Aontas.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go mbaintear úsáid sa tuarascáil as uirlisí beachta nuafhorbartha chun míchothromaíochtaí a bhrath. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le leanúint den obair theicniúil chun cuidiú le foinsí rioscaí macra-airgeadais a bhrath go luath agus chun faireachán a dhéanamh ar a bhforbairt. IARRANN SÍ go ndéanfaí uirlisí agus creataí anailíseacha a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh chun measúnú a dhéanamh ar na forbairtí agus na tiománaithe is cúis le carnadh agus leachtú na míchothromaíochtaí agus na n-éifeachtaí iarmhartacha gaolmhara.

9. MEASANN SÍ go gcuidíonn an faireachán sonrach ar na Ballstáit sin ina sainaithnítear míchothromaíochtaí chun cur chun feidhme éifeachtach a chothú do na bearta sin lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, trí idirphlé beartais agus athbhreithnithe piaraí. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha faireacháin sonracha fócasaithe ón gCoimisiún ina bhfuil táblaí caighdeánacha lena ndéantar achoimre ar an measúnú ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus AONTAÍONN SÍ a bheag nó a mhór le measúnú an Choimisiúin maidir le gníomhaíocht agus freagairtí na mBallstát a bhfuil míchothromaíochtaí acu chun dul i ngleic le bearnaí beartais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an ghníomhaíocht athchóirithe éagothrom san Aontas agus i gcásanna áirithe gur léir athchóirithe a bheith á rolladh siar. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach agus IARRANN sí ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhealach uaillmhianach nithiúil ar na bearnaí beartais d'fhonn míchothromaíochtaí díobhálacha a chosc agus a cheartú.

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a fheidhmítear i gcás ina measann an Coimisiún agus an Chomhairle gurb iomchuí sin a dhéanamh; DEARBHAÍONN SÍ pé uair a thiocfaidh an Coimisiún ar an tátal go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i gceann de na Ballstáit, ach nach moltar don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, gur cheart dó na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-athbhreithniú agus an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcomhréir le Rialachán 1176/2011 agus scrúdóidh sí an t-athbhreithniú in am trátha.